# ACHOIMRE AR BHUISÉAD 2021

Seo iad na príomhbhearta cánach atá sa Ráiteas Buiséid dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2020, arna dhéanamh ag an Aire Airgeadais.

## Cáin Ioncaim

### Creidmheasanna Cánach

Tá na hathruithe creidmheasa cánach i gcló trom.

| Creidmheasanna Cánach | 2020 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Duine Singil | 1,650 | 1,650 |
| Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta | 3,300 | 3,300 |
| Creidmheas Cánach d'Fhostaithe | 1,650 | 1,650 |
| Uaschreidmheas Cánach i leith Ioncam Tuillte | **1,650** (méadaithe ó 1,500) | **1,650** |
| Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach (gan leanbh cáilitheach) | 2,190 | 2,190 |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil | 1,650 | 1,650 |
| Uaschreidmheas Cánach i leith Linbh Éagumasaithe | 3,300 | 3,300 |
| Creidmheas Cánach na nDall<br>Duine singil<br>Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta:<br>• Céile nó páirtnéir sibhialta amháin dall<br>• An bheirt céile nó pháirtnéirí sibhialta dall | <br>1,650<br><br><br>1,650<br><br>3,300 | <br>1,650<br><br><br>1,650<br><br>3,300 |
| Tuismitheoir i mBaintreachas<br>• Céile nó páirtnéir sibhialta éagtha in 2020<br>• Céile nó páirtnéir sibhialta éagtha in 2019<br>• Céile nó páirtnéir sibhialta éagtha in 2018<br>• Céile nó páirtnéir sibhialta éagtha in 2017<br>• Céile nó páirtnéir sibhialta éagtha in 2016<br>• Céile nó páirtnéir sibhialta éagtha in 2015 | -<br>3,600<br>3,150<br>2,700<br>2,250<br>1,800 | 3,600<br>3,150<br>2,700<br>2,250<br>1,800<br>- |
| Creidmheas Cánach Aoise<br>• Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach<br>• Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta | <br>245<br><br>490 | <br>245<br><br>490 |
| Gaol Cleithiúnach | 70 | **245** |
| Creidmheas Cánach do Chúramóir Baile | 1,600 | 1,600 |
| Creidmheas Cánach do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh | 1,270 | 1,500 |

### Rátaí Cánach agus Bandaí Cánach

Níl aon athruithe sna rátaí cánach ná sna bandaí cánach.

| Cúinsí Pearsanta | 2020 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, gan leanbh cáilitheach | 35,300 @ 20%<br>An t-iarmhéid @ 40% | 35,300 @ 20%<br>An t-iarmhéid @ 40% |
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, incháilithe le haghaidh creidmheas cánach cúramóra linbh do dhuine singil | 39,300 @ 20%<br>An t-iarmhéid @ 40% | 39,300 @ 20%<br>An t-iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht, ioncam ag céile nó páirtnéir sibhialta amháin | 44,300 @ 20%<br>An t-iarmhéid @ 40% | 44,300 @ 20%<br>An t-iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht, ioncam ag an mbeirt céile nó páirtnéirí sibhialta | 44,300 @ 20%<br>le huasmhéadú 26,300<br>An t-iarmhéid @ 40% | 44,300 @ 20%<br>le huasmhéadú 26,300<br>An t-iarmhéid @ 40% |

### Teorainneacha Díolúine

Níor athraíodh na teorainneacha díolúine do dhaoine 65 bliain d'aois nó níos sine.

| Cúinsí Pearsanta | 2020 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, 65 bliain d'aois nó níos sine | 18,000 | 18,000 |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, 65 bliain d'aois nó níos sine | 36,000 | 36,000 |

Méadaítear na teorainneacha díolúine seo €575 do gach duine de na chéad bheirt leanaí cleithiúnacha agus €830 don tríú leanbh agus gach leanbh eile dá éis sin.

Féadfaidh sé go bhfuil Faoiseamh Imeallach i gceist, faoi réir teorainn ioncaim dhá uair theorann na díolúine ábhartha.

## Cianobair (ríomhOibriú)

Foráiltear sna forálacha reatha um ríomhOibriú le haghaidh laghdú do ríomhOibrithe i leith caiteachas deimhnithe tabhaithe acu siúd atá ag obair ón mbaile. I gcásanna nach ndéanann an fostóir íocaíocht i leith na gcostas bainteach, féadtar costais leathanbhanda a chur san áireamh anois.

Beidh feidhm aige seo ó 2020. Beidh tuilleadh eolais ar fáil ar www.revenue.ie go luath.

## Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

### Rátaí Caighdeánacha MSU

Tá athruithe do na tairseacha MSU ach níl aon athruithe do na rátaí MSU.

| Tairseacha MSU | | | |
|---|---|---|---|
| **2020** | **Ráta** | **2021** | **Ráta** |
| Ioncam suas le €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas le €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam ó €12,012.01 go €20,484.00 | 2.0% | Ioncam ó €12,012.01 go **€20,687.00** | 2.0% |
| Ioncam ó €20,484.01 go €70,044.00 | 4.5% | Ioncam ó **€20,687.01** go €70,044.00 | 4.5% |
| Ioncam os cionn €70,044.00 | 8.0% | Ioncam os cionn €70,044.00 | 8.0% |

**Rátaí Laghdaithe MSU**

Cuireadh siar go ceann bliana eile an ráta laghdaithe reatha MSU do shealbhóirí cárta leighis incháilithe agus leanfar leis le haghaidh 2021.

| **Tairseacha MSU** | | | |
|---|---|---|---|
| Daoine aonair 70 bliain d'aois nó níos sine arb ionann a n-ioncam comhiomlán don bhliain agus €60,000 nó níos lú. Daoine aonair (faoi 70 bliain d'aois) a bhfuil cárta sláinte iomlán acu arb ionann a n-ioncam comhiomlán don bhliain agus €60,000 nó níos lú. | | | |
| **2020** | **Ráta** | **2021** | **Ráta** |
| Ioncam suas le €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas le €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam os cionn €12,012.00 | 2.0% | Ioncam os cionn €12,012.00 | 2.0% |

Nóta 1. Ní áirítear in ioncam 'comhiomlán' chun críocha MSU aon íocaíochtaí ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS).

Nóta 2. Ní mheastar cárta 'Dochtúir Ginearálta amháin' a bheith ina chárta sláinte iomlán chun críocha MSU.

**Catagóirí Díolmhaithe ó MSU**

Níl aon athruithe do na catagóirí seo.

## Cáin Chorparáide (CC)

**Creidmheas Cánach i leith Scannán**

Cuireadh siar oibriú an Ardaithe céatadáin d'Fhorbairt Scannáin Réigiúnacha ag an ráta 5% go dtí deireadh na bliana 2021. Tosóidh barrchaolú an ráta Ardaithe Céatadáin in 2022, ag laghdú go dtí 3% ar dtús.

**Liúntais Luathaithe Caipitiúil le haghaidh Trealamh Tíosach ar Fhuinneamh**

Tá an scéim do threalamh tíosach ar fhuinneamh le cur siar le haghaidh trí bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2023.

**Bosca Forbartha Eolais (BFE)**

Tá síneadh ama curtha leis an BFE go dtí an 1 Eanáir 2023 i gcás cuideachtaí cáilitheacha.

**Liúntais Chaipitiúla i leith Sócmhainní Doláimhsithe**

I gcás sócmhainní doláimhsithe sonraithe, ní éiríonn muirear comhardaithe, nó aisghlámadh ar liúntais chaipitiúla déanta, aníos faoi láthair sa chás go dtarlaíonn imeacht comhardaithe breis agus cúig bliana tar éis thús thréimhse chuntasaíochta na cuideachta inar cuireadh an tsócmhainn ar fáil ar dtús.

Le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020, féadfaidh muirir chomhardaithe éirí aníos anois i ndáil le sócmhainní doláimhsithe sonraithe a fuarthas ar an 14 Deireadh Fómhair 2020, is cuma cén uair a tharlaíonn imeacht comhardaithe.

## Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC)

Níl aon athruithe i gceist.

## Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)

**Cánachas ar Idirbhearta Áirithe Airgeadra Eachtraigh**

Maidir le haistriú airgeadra eachtraigh idir cuntais bhainc, ainmnithe san airgeadra eachtrach céanna coinnithe ag an duine céanna, ní bheidh an t-aistriú faoi réir CGC.

Baineann sé seo le diúscairtí a dhéantar ar an 14 Deireadh Fómhair 2020 nó dá éis.

**Faoiseamh Athbhreithnithe d'Fhiontraithe**

Leasófar an faoiseamh seo ionas go gcáileoidh duine aonair a raibh 5% ar a laghad de na scaireanna i gcuideachta cháilitheach, nó grúpa cuideachtaí, acu ar feadh tréimhse leanúnach trí bliana. Tá gach critéar cáilitheachta eile ag fanacht gan athrú. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021.

**Ús Inmhuirir ar Cháin Scuchta Iarchurtha**

Tá an tsuim cánach atá faoi réir úis, nuair a íoctar an Cháin Scuchta le tráthíocaíochtaí, á leasú le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020.

Foilseofar eolas breise go luath.

## Tuairisciú Íocaíochtaí Scairbhunaithe

Tá leathnú á dhéanamh ar scóp na riachtanas tuairiscithe le haghaidh fostóirí maidir le pleananna dreasachta scaireanna le go gcuirfí san áireamh:

- dámhachtainí a thugtar do stiúrthóirí agus fostaithe i bhfoirm coibhéis airgid scaireanna
- cásanna ina gcuirtear lascaine ar scaireanna.

Tá tuairisciú leictreonach éigeantach á thabhairt isteach le haghaidh an mhéid seo:

- urrúis in-chomhshóite
- scaireanna srianta
- scaireanna in-urghéillte
- dámhachtainí scairbhunaithe eile faoi réir tuairiscithe faoi Alt 897B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

## Dleacht Stampa

**Faoiseamh i leith Comhdhlúthú Feirme**

Tá síneadh ama dhá bhliain eile go dtí an 31 Nollaig 2022 á chur leis an bhfaoiseamh i leith Dleacht Stampa atá ar fáil le haghaidh gabháltais feirme a chomhdhlúthú. Leis seo, tugtar le chéile an dáta deiridh don fhaoiseamh seo le faoiseamh CGC coibhéiseach.

**Faoiseamh i leith Gaol Fola**

Gearrtar ráta laghdaithe Dleachta Stampa 1% ar aistrithe tailte feirme idir gaoil fola áirithe. Tá síneadh ama trí bliana eile á chur leis an bhfaoiseamh seo go dtí an 31 Nollaig 2023.

**Scéim Aisíocaíochta i leith Forbraíochtaí Cónaithe**

Tá dhá choinníoll cáilitheachta á athrú maidir leis an scéim aisíocaíochta i leith Dleacht Stampa ar thalamh a ndéantar forbairt air chun críocha cónaitheachta:

- Tá síneadh ama bliana go dtí an 31 Nollaig 2022 á chur leis an am a cheadaítear chun tús a chur le hobair tógála.
- Tar éis d'údarás áitiúil tosú na tógála a cheadú, tá síneadh ama ó 24 mí go 30 mí á chur leis an am a cheadaítear chun an fhorbraíocht a chríochnú.

## An Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC)

Faoi Phacáiste Mhí Iúil do Spreagthaí Post, tugadh isteach faoiseamh feabhsaithe sealadach CLC don tréimhse ón 23 Iúil 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020. Tá faoiseamh méadaithe Cánach Ioncaim don scéim CLC ar fáil anois, suas leis an tsuim is ísle díobh seo a leanas:

- €30,000 (suas ó €20,000)
- 10% (suas ó 5%) de praghas ceannaigh na háite cónaithe nua, nó luach críochnaithe na maoine i gcás féin-tógála
- an tsuim Cánach Ioncaim agus CCÚT a íocadh thar na ceithre bliana roimh an iarratas a dhéanamh.

Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2021 curtha leis an bhfaoiseamh feabhsaithe seo.

## Cáin Bhreisluacha (CBL)

### Ráta CBL

Tá soláthar earraí agus seirbhísí áirithe a bhfuil an ráta 13.5% i bhfeidhm orthu anois, faoi réir CBL ag 9% ón 1 Samhain 2020 go dtí an 31 Nollaig 2021. Beidh éifeacht aige seo go príomha ar sholáthar seirbhísí bialainne agus lónadóireachta, lóistín d'aíonna agus lóistín saoire, agus seirbhísí éagsúla siamsaíochta amhail cead isteach ar phictiúrlanna, amharclanna, músaeim, páirceanna aonaigh agus páirceanna siamsaíochta.

Beidh ráta CBL 9% ar sheirbhísí gruaigeadóireachta agus ábhar priontáilte áirithe amhail bróisiúir, léarscáileanna agus cláir. Ní bheidh aon tionchar ar an ráta 9% atá á ghearradh ar irisleabhair agus nuachtáin agus ar sholáthar áiseanna spóirt.

### Breis Cothromráta d'Fheirmeoirí

Tá an cothromráta seo á mhéadú ó 5.4% go 5.6% ón 1 Eanáir 2021.

## Mál

### Cáin ar Tháirgí Tobac (CTT)

Tá na rátaí CTT á mhéadú le héifeacht ó Dé Céadaoin 14 Deireadh Fómhair 2020. Is éard atá sa mhéadú ná 50 cent, CBL san áireamh, ar phaicéad 20 toitín, agus méaduithe comhréireacha ar tháirgí eile tobac. Tá an Dleacht Máil Íosta (DMÍ) ar thoitíní á mhéadú go €414.24 in aghaidh an 1,000 toitín le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020. Ciallaíonn sé go mbeidh gach paca 20 toitín a dhíoltar ag €11.50 nó faoi, faoi réir Dleacht Mháil de €8.28.

## Cánacha Carbóin ar Tháirgí Fuinnimh

Méadófar na rátaí seo gach bliain do na chéad deich mbliana eile bunaithe ar an méid a ghearrtar i leith astaíochtaí $CO_2$ a mhéadú ó €26 go dtí €100.
Rátaí Cánach Ola Mianra (COM)

Gearrfar an chéad mhéadú COM, bunaithe ar €7.50 breise an tonna $CO_2$, ón 14 Deireadh Fómhair 2020 i leith an mhéid seo:

- peitreal (ag méadú go dtí €619.36 an 1,000 lítear)
- mótardhíosal (ag méadú go dtí €515.38 an 1,000 lítear)
- gásailín eitlíochta (ag méadú go dtí €619.36 an 1,000 lítear)
- ola throm a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht aeir agus loingseoireacht phríobháideach phléisiúir (ag méadú go dtí €515.38 an 1,000 lítear).

Fanfaidh na rátaí eile COM mar an gcéanna go dtí an 1 Bealtaine 2021 tráth a thiocfaidh na rátaí nua i bhfeidhm le haghaidh:

- Ceirisín neamh-thiomántáin (ag méadú go dtí €84.84 an 1,000 lítear)
- ola bhreosla (ag méadú go dtí €118.01 an 1,000 lítear)
- ola eile throm lena n-áirítear MGO (ag méadú go dtí €138.17 an 1,000 lítear)
- gás peitriliam leachtaithe tiomántáin (ag méadú go dtí €118.27 an 1,000 lítear)
- gás peitriliam leachtaithe neamh-thiomántáin (ag méadú go dtí €54.68 an 1,000 lítear).

### Ráta na Cánach Carbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN)

Tiocfaidh an chéad mhéadú CCGN, bunaithe ar €7.50 breise an tonna $CO_2$, i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2021. An ráta CCGN nua a fheidhmeofar ná €6.06 an uair meigeavata.
Rátaí Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach (CCBS)

Tiocfaidh an chéad mhéadú CCBS, bunaithe ar €7.50 breise an tonna $CO_2$, agus feidhmeofar é ón 1 Bealtaine 2021 ar an méid seo:

- gual (ag méadú go dtí €88.23 an tona)
- bricíní móna (ag méadú go dtí €61.42 an tona)
- móin mheilte (ag méadú go dtí €30.44)
- móin eile (ag méadú go dtí €45.65).

## Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)

### Nós Imeachta Tástála Comhchuibhithe Domhanda d'Fheithiclí Éadroma (WLTP)

Ón 1 Eanáir 2021, ríomhfar an CCF ar fheithiclí i gcatagóir A (carranna do phaisinéirí, SUVanna san áireamh) go príomha de réir na n-astaíochtaí $CO_2$ a tháirgtear faoin gcóras tomhais WLTP. Tagann sé seo in áit an chórais tomhais an tSaolré Tiomána Nua Eorpach (NEDC). Beifear fós in ann carranna a thomhaistear faoin gcóras NEDC a chlárú trí fhachtóir tiontuithe a fheidhmiú roimh an gclárúchán.

Athrófar na rátaí CCF ar fheithiclí i gcatagóir A chomh maith. Beidh na sonraí seo ar fáil ar www.revenue.ie go luath.

### Tobhach Ocsaíde Nítrigine ($NO_x$)

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, athrófar an tobhach $NO_x$ a ghearrtar ar gach feithicil i gcatagóir A an CCF (carranna do phaisinéirí, SUVanna san áireamh). Gearrfar an tobhach ar bhonn carnach.

| Astaíochtaí $NO_x$ ($NO_x$ mg/km) | Suim iníoctha sa mg/km |
|---|---:|
| An chéad 0-40 mg/km | €5 |
| An chéad 40 mg/km eile nó cuid de, suas le 80 mg/km | €15 |
| An chuid fhanta os cionn 80 mg/km | €25 |

### Faoiseamh d'Fheithiclí Hibrideacha agus d'Fheithiclí Hibrideacha Inluchtaithe

Rachaidh an faoiseamh i leith na bhfeithiclí seo in éag ar an 31 Nollaig 2020 agus **ní dhéanfar** athnuachan air.

### Faoiseamh i leith Feithiclí Leictreacha

Tá an faoiseamh €5,000 le coinneáil ina iomláine le haghaidh gach Feithicil Leictreach a bhfuil praghas díola ar an margadh oscailte (PDMO) suas le €40,000 uirthi. Os cionn €40,000, laghdófar an faoiseamh faoi 50% den PDMO os cionn €40,000. Ní bheidh an faoiseamh ar fail a thuilleadh sa chás go bhfuil PDMO €50,000 nó os a chionn ann.

## Stórasú Fiachais

Tá fiacha stórasaithe faoi réir ús 0% ar feadh 12 mhí. Tar éis na tréimhse 12 mhí seo, gearrfar ráta laghdaithe úis de 3% sa bhliain.

### Dliteanais na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP)

I gcás fostóirí a fuair suimeanna farasbairr den fhóirdheontas shealadaigh pá, tá dualgas orthu an farasbarr a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Féadfaidh sé nach mbeidh fostóir in ann an farasbarr a íoc láithreach, mar gheall ar thionchar COVID-19 ar an gnó. Leathnófar an scéim stórasaithe fiachais cánach reatha le go gcuirfí na haisíocaíochtaí seo san áireamh.

**Cáin Ioncaim 2019 agus Réamhcháin 2020**

Leathnófar an scéim stórasaithe fiachais le go gcuirfí san áireamh cáiníocóirí faoin gcóras Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe. Tá an scéim seo ar fáil más rud é, mar gheall ar thionchar COVID-19, nach bhfuil siad in ann a ndliteanais Cánach Ioncaim i leith 2019 augs Réamhchánach i leith 2020 a íoc. I gcás iad siúd a dhéanann tíolacadh trí ROS, is iad na gnáthrátaí dlite a bheadh i bhfeidhm do na cánacha seo de ghnáth ná an 31 Deireadh Fómhair 2020 nó an 10 Nollaig 2020, faoi seach.

Má tá an t-ioncam i leith 2020 25% ar a laghad níos lú ná an t-ioncam le haghaidh 2019, féadtar iarmhéid Cánach Ioncaim 20209 agus Réamhcháin 2021 a stórasú.

**Scéim Tacaíochta Sriantaí Covid (STSC)**

Tá an scéim seo dírithe ar gnóthaí a bhfuil tionchar orthu mar gheall ar shrianta COVID-19.

Féadann gnóthaí cáilitheacha iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh íocaíocht airgid thirim, arb ionann é agus Réamhchreidmheas i leith Costais Trádála (RCCT) atá asbhainteach chun críocha Cánach Ioncaim nó Cánach Corparáide. Ríomhfar na híocaíochtaí ar bhonn 10% ar an chéad €1m i láimhdeachas agus 5% dá éis sin, bunaithe ar an meán-láimhdeachas le haghaidh 2019 eisiata ó CBL. Beidh sé seo faoi réir íocaíocht sheachtainiúil uasta €5,000.

Beidh an scéim i bhfeidhm go ginearálta nuair a chuirtear srianta Leibhéal 3 nó níos airde i bhfeidhm de réir an Phlean um Chónaí le COVID-19. Reáchtálfar an scéim ón 15 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Márta 2021.

**Séanadh Dlíthiúil**

Tá sé i gceist go dtabharfadh an bhileog seo cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht inti gach ceist a chlúdach a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar. Níl sí ceaptha a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní fhéadtar glacadh le haon dliteanas a thabhaítear nó caillteanas a fhulaingítear mar thoradh ar bheith ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs
www.revenue.ie
15 Deireadh Fómhair 2021